II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/1049 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Bealtaine 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh ola éisc, peindémheatailine, saill caoireola agus spiriteitreamat i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(1) agus Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás peindémheatailine agus spiriteitreamat, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Áirítear ola éisc agus saill caoireola in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) A mhéid a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach peindémheatailin, cuireadh iarratas isteach de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 lena n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú i leith piseanna (a bhfuil faighneoga orthu), pónairí (a bhfuil faighneoga orthu) agus cainneann. A mhéid a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach spiriteitreamat, cuireadh iarratas den sórt sin isteach i leith luibheanna agus bláthanna inite.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne na Ballstáit lena mbaineann meastóireacht ar na hiarratais sin agus cuireadh na tuarascálacha meastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(4) Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') measúnú ar na hiarratais agus ar na tuarascálacha meastóireachta, agus rinne sé scrúdú go háirithe ar na rioscaí atá ann do thomhaltóirí agus, i gcás inarb ábhartha, d'ainmhithe, agus thug sé tuairimí réasúnaithe faoi na MRLanna atá beartaithe ([2]). Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

(5) A mhéid a bhaineann le spiriteitreamat, i luibheanna agus i mbláthanna inite, níor mhol an tÚdarás luach sonrach MRL. Mar sin féin, thug an tÚdarás dá aire go bhféadfadh bainisteoirí riosca an MRL de 10 mg/kg a mheas lena chur chun feidhme i gcás an ghrúpa iomlán luibheanna agus bláthanna inite, agus go mbeadh sé sin sábháilte do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, is iomchuí a mholadh go leagfar síos an MRL le haghaidh spiriteitreamat i luibheanna agus i mbláthanna inite, agus i bplandaí eile, ag leibhéal 10 mg/kg i gcomhréir leis na Treoirlínte Teicniúla ábhartha ón gCoimisiún ([3]).

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) *Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for pendimethalin in peas (with pods), beans (with pods) and leeks.* [Tuairim réasúnaithe faoi mhodhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh peindémheatailine i bpiseanna (a bhfuil faighneoga orthu), i bpónairí (a bhfuil faighneoga orthu) agus i gcainneanna]. EFSA Journal 2023;21(3):7663.
Reasoned Opinion on the modification of the existing maximum residue levels for spirotetramat in herbs and edible flowers [Tuairim Réasúnaithe faoi mhodhnú a dhéanamh ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh spiriteitreamat i luibheanna agus i mbláthanna inite]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(12):7668.

([3]) *Commission Technical Guidelines on data requirements for setting MRLs, comparability of residue trials and extrapolation of residue data on products from plant and animal origin (SANTE/2019/12752)* [Treoirlínte Teicniúla ón gCoimisiún maidir le ceanglais sonraí chun MRLanna a leagan síos, inchomparáideacht trialacha ar iarmhair agus eachtarshuíomh sonraí faoi iarmhair i ndáil le táirgí de thionscnamh plandaí agus ainmhíoch (SANTE/2019/12752)]

(6) I gcás peindémheatailine agus spiriteitreamat, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur comhlíonadh na ceanglais uile maidir le hiomláine na sonraí a cuireadh isteach, agus go raibh na modhnuithe ar na MRLanna a d'iarr na hiarratasóirí inghlactha i dtaca le sábháilteacht na dtomhaltóirí ar bhonn measúnú ar theagmháil le tomhaltóirí i gcás 27 ngrúpa tomhaltóirí Eorpacha shonracha. Leis an gconclúid sin, chuir an tÚdarás na sonraí is déanaí ar airíonna tocsaineolaíocha na substaintí san áireamh. Maidir le teagmháil fhadtéarmach leis na substaintí sin trí chaitheamh na dtáirgí bia go léir a bhféadfadh siad a bheith iontu, agus maidir le teagmháil ghearrthéarmach trí go leor de na táirgí lena mbaineann a chaitheamh, níor léiríodh baol i leith ceachtar acu sin go sárófaí an iontógáil laethúil inghlactha nó an ghéardháileog thagartha.

(7) Ar bhonn na dtuairimí réasúnaithe ón Údarás, agus na tosca ábhartha a liostaítear in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 á gcur san áireamh, is iomchuí a mheas go gcomhlíonann na modhnuithe atá beartaithe ar na MRLanna ceanglais an Airteagail sin.

(8) Liostaíodh ola éisc agus saill caoireola go sealadach in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 go dtí go gcuirfí meastóireacht orthu i gcrích, bíodh sí sin faoi Threoir 91/414/CEE ón gComhairle ([4]) nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), agus go dtí go ndéanfaí athbhreithniú ar MRLanna i leith na substaintí gníomhacha sin i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 396/2005. I gcomhthéacs iarratais a rinneadh ar athnuachan fhormheas na substaintí sin faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, d'eisigh an tÚdarás conclúidí maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí ar ola éisc agus ar shaill caoireola ([6]). Ar bhonn na gconclúidí sin, níl gá le MRLanna le haghaidh ola éisc agus saill caoireola. Dá bhrí sin, is iomchuí na substaintí sin a fhágáil in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).
([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).
([6]) *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance fish oil* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí ola éisc]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(1):7079.
Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance sheep fat [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí saill caoireola]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(1):7073.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na gcolún le haghaidh peindémheatailine agus spiriteitreamat:

'Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Peindémheatailin (F)	Spiriteitreamat agus spiriteitreamat-eanól (an tsuim díobh), arna sloinneadh mar spiriteitreamat (R)
(1)	(2)	(3)	(4)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	0,05 (*)	
0110000	**Torthaí citris**		0,5
0110010	Seadóga		
0110020	Oráistí		
0110030	Líomóidí		
0110040	Líomaí		
0110050	Mandairíní		
0110990	Eile (2)		
0120000	**Cnónna crann**		0,5
0120010	Almóinní		
0120020	Cnónna Brasaíleacha		
0120030	Cnónna caisiú		
0120040	Castáin		
0120050	Cnónna cócó		
0120060	Cnónna coill		
0120070	Macadaimia		
0120080	Cnónna peacáin		
0120090	Eithní cnónna péine		
0120100	Cnónna pistéise		
0120110	Gallchnónna		
0120990	Eile (2)		
0130000	**Torthaí póma**		0,7
0130010	Úlla		
0130020	Piorraí		
0130030	Cainchí		
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach		
0130050	Locuatanna		
0130990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0140000	**Torthaí cloiche**		3
0140010	Aibreoga		
0140020	Silíní (iad milis)		
0140030	Péitseoga		
0140040	Plumaí		
0140990	Eile (2)		
0150000	**Caora agus torthaí beaga**		
0151000	(a) **fíonchaora**		2
0151010	Fíonchaora boird		
0151020	Fíniúnacha coiteanna		
0152000	(b) **sútha talún**		0,3
0153000	(c) **torthaí cána**		0,02 (*)
0153010	Sméara dubha		
0153020	Eithreoga		
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)		
0153990	Eile (2)		
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**		1,5
0154010	Fraocháin		
0154020	Mónóga		
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)		
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)		
0154050	Mogóirí róis		
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)		
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil		
0154080	Caora troim		
0154990	Eile (2)		
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**		
0161000	(a) **craiceann inite**		
0161010	Dátaí		0,02 (*)
0161020	Figí		0,02 (*)
0161030	Ológa boird		1,5
0161040	Cumcuait		0,02 (*)
0161050	Torthaí réaltúla		0,02 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
0161060	Dátphlumaí Seapánacha		0,4
0161070	Plumaí láva		0,02 (*)
0161990	Eile (2)		0,02 (*)
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**		
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)		3
0162020	Lítsíonna		15
0162030	Páiseoga		0,02 (*)
0162040	Piorraí deilgneacha		0,02 (*)
0162050	Réalt-úlla		0,02 (*)
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha		0,02 (*)
0162990	Eile (2)		0,02 (*)
0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**		
0163010	Abhacáid		0,4
0163020	Bananaí		0,4
0163030	Mangónna		0,3
0163040	Papánna		0,4
0163050	Pomagránaití		0,4
0163060	Céiriomoighe		0,02 (*)
0163070	Guábhaí		2
0163080	Anainn		0,15
0163090	Torthaí aráin		0,02 (*)
0163100	Duraígh		0,02 (*)
0163110	Úlla deilgneacha		0,02 (*)
0163990	Eile (2)		0,02 (*)
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**		
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**		
0211000	(a) **prátaí**	0,05 (*)	0,8
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	0,05 (*)	0,02 (*)
0212010	Casabhaigh		
0212020	Prátaí milse		
0212030	Ionaim		
0212040	Ararút		
0212990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**		0,07
0213010	Meacain bhiatais	0,05 (*)	
0213020	Meacain dhearga	0,7	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	0,2	
0213040	Meacain ragaim	0,7	
0213050	Bliosáin ghréine	0,05 (*)	
0213060	Meacain bhána	0,7	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	0,7	
0213080	Raidisí	0,05 (*)	
0213090	Salsabh	0,7	
0213100	Svaeideanna	0,4	
0213110	Tornapaí	0,4	
0213990	Eile (2)	0,05 (*)	
0220000	**Glasraí bleibíní**	0,05 (*)	
0220010	Gairleog		0,3
0220020	Oinniúin		0,4
0220030	Seallóidí		0,3
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil		0,9
0220990	Eile (2)		0,02 (*)
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	0,05 (*)	
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**		1
0231010	Trátaí		
0231020	Piobair		
0231030	Ubhthorthaí		
0231040	Ocra		
0231990	Eile (2)		
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**		0,2
0232010	Cúcamair		
0232020	Gircíní		
0232030	Cúirséid		
0232990	Eile (2)		
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**		0,2
0233010	Mealbhacáin		

(1)	(2)	(3)	(4)
0233020	Puimcíní		
0233030	Mealbhacáin uisce		
0233990	Eile (2)		
0234000	(d) **arbhar milis**		1,5
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**		0,02 (*)
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**		
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	0,05 (*)	1
0241010	Brocailí		
0241020	Cóilis		
0241990	Eile (2)		
0242000	(b) **praiseach chinn**	0,05 (*)	
0242010	Bachlóga Bruiséile		0,3(+)
0242020	Cabáistí cinn		2
0242990	Eile (2)		0,02 (*)
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	0,5	7
0243010	Cabáistí Síneacha		
0243020	Cáil		
0243990	Eile (2)		
0244000	(d) **cálráibí**	0,3	1,5(+)
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**		
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**		7
0251010	Ceathrúna uain	0,6	
0251020	Leitísí	4	
0251030	Searbháin muc	0,05 (*)	
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	0,6	
0251050	Biolair thalún	0,05 (*)	
0251060	Roicéad Rómánach/rucola	0,6	
0251070	Mustard dearg	0,05 (*)	
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	0,6	
0251990	Eile (2)	0,05 (*)	
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	0,05 (*)	7
0252010	Spionáistí		
0252020	Puirsleáin		

(1)	(2)	(3)	(4)
0252030	Seardas/duilleoga biatais		
0252990	Eile (2)		
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,05 (*)	0,02 (*)
0254000	(d) **biolair uisce**	0,05 (*)	7
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	0,05 (*)	0,03
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**		
0256010	Costóg	0,6	**7**
0256020	Síobhas	0,6	**7**
0256030	Duilleoga soilire	0,6	**7**
0256040	Peirsil	2	**7**
0256050	Sáiste	2	**10**
0256060	Marós	0,6	**10**
0256070	Tím	0,6	**10**
0256080	Basal agus bláthanna inite	0,6	**7**
0256090	Duilleog labhrais	0,6	**10**
0256100	Dragan	0,6	**7**
0256990	Eile (2)	0,6	**10**
0260000	**Léagúim**		
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	**0,06**	2
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	0,05 (*)	1,5
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	**0,09**	2
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	0,05 (*)	1,5
0260050	Lintilí	0,05 (*)	1,5
0260990	Eile (2)	0,05 (*)	0,02 (*)
0270000	**Glasraí gais**		
0270010	Lus súgach	0,1	0,02 (*)
0270020	Cardúin	0,05 (*)	0,02 (*)
0270030	Soilirí	0,1	4
0270040	Finéal Fhlórans	0,1	4
0270050	Bliosáin chruinne	0,05 (*)	1
0270060	Cainneanna	**0,3**	0,9
0270070	Biabhóg	0,05 (*)	4
0270080	Péacáin bhambú	0,05 (*)	0,02 (*)
0270090	Croíthe pailme	0,05 (*)	0,02 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
0270990	Eile (2)	0,05 (*)	0,02 (*)
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,05 (*)	0,02 (*)
0280010	Fungais shaothraithe		
0280020	Fungais fhiáine		
0280990	Caonaigh agus léicin		
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,05 (*)	0,02 (*)
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,15	2
0300010	Pónairí		
0300020	Lintilí		
0300030	Piseanna		
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní		
0300990	Eile (2)		
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	0,05 (*)	
0401000	**Olashíolta**		
0401010	Ros lín		0,02 (*)
0401020	Piseanna talún		0,02 (*)
0401030	Síolta poipín		0,02 (*)
0401040	Síolta seasamain		0,02 (*)
0401050	Síolta lus na gréine		0,02 (*)
0401060	Síolta ráibe		0,02 (*)
0401070	Pónairí soighe		4
0401080	Síolta mustaird		0,02 (*)
0401090	Síolta cadáis		0,4
0401100	Síolta puimcín		0,02 (*)
0401110	Síolta cróch bréige		0,02 (*)
0401120	Síolta borráiste		0,02 (*)
0401130	Caimilín		0,02 (*)
0401140	Síolta cnáibe		0,02 (*)
0401150	Pónairí ricne		0,02 (*)
0401990	Eile (2)		0,02 (*)
0402000	**Olathorthaí**		
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola		1,5
0402020	Eithní pailme ola		0,02 (*)
0402030	Torthaí pailme oila		0,02 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
0402040	Capac		0,02 (*)
0402990	Eile (2)		0,02 (*)
0500000	**GRÁNAIGH**	0,05 (*)	0,02 (*)
0500010	Eorna		
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile		
0500030	Arbhar Indiach/arbhar		
0500040	Muiléad coiteann		
0500050	Coirce		
0500060	Rís		
0500070	Seagal		
0500080	Sorgam		
0500090	Cruithneacht		
0500990	Eile (2)		
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**		
0610000	**Taenna**	0,05 (*)	0,1 (*)
0620000	**Pónairí caife**	0,05 (*)	0,1 (*)
0630000	**Insiltí luibhe ó**		
0631000	(a) **bláthanna**	0,05 (*)	0,1 (*)
0631010	Camán meall		
0631020	Roiseog		
0631030	Rós		
0631040	Seasmain		
0631050	Teile		
0631990	Eile (2)		
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**	0,05 (*)	50
0632010	Sú talún		
0632020	Rooibos		
0632030	Maité		
0632990	Eile (2)		
0633000	(c) **fréamhacha**	0,5	0,1 (*)
0633010	Caorthann corraigh		
0633020	Ginsing		
0633990	Eile (2)		

(1)	(2)	(3)	(4)
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**	0,05 (*)	0,1 (*)
0640000	**Pónairí cócó**	0,05 (*)	0,1 (*)
0650000	**Carúib**	0,05 (*)	0,1 (*)
0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 (*)	15
0800000	**SPÍOSRAÍ**		
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 (*)	0,1 (*)
0810010	Ainís		
0810020	Calaindí		
0810030	Soilire		
0810040	Lus an choire		
0810050	Cuimín		
0810060	Lus mín		
0810070	Finéal		
0810080	Feinigréag		
0810090	Noitmig		
0810990	Eile (2)		
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 (*)	0,1 (*)
0820010	Ilspíosra/pimeantó		
0820020	Piobar Szechuan		
0820030	Cearbhas		
0820040	Cardamam		
0820050	Caor aitil		
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)		
0820070	Fanaile		
0820080	Tamarain		
0820990	Eile (2)		
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 (*)	0,1 (*)
0830010	Cainéal		
0830990	Eile (2)		
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**		
0840010	Liocras	0,05 (*)	0,1 (*)
0840020	Sinséar (10)		
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 (*)	0,1 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
0840040	Meacain ragaim (11)		
0840990	Eile (2)	0,05 (*)	0,1 (*)
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 (*)	0,1 (*)
0850010	Clóibh		
0850020	Caprais		
0850990	Eile (2)		
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 (*)	0,1 (*)
0860010	Cróch		
0860990	Eile (2)		
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 (*)	0,1 (*)
0870010	Maicis		
0870990	Eile (2)		
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**		
0900010	Fréamhacha biatas siúcra	0,05 (*)	0,06
0900020	Cánaí siúcra	0,05 (*)	0,02 (*)
0900030	Fréamhacha siocaire	0,2	0,07
0900990	Eile (2)	0,05 (*)	0,02 (*)
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**		
1010000	**Tráchtearraí ó**		
1011000	(a) **mucra**		
1011010	Matán	0,01 (*)	0,05
1011020	Saill	0,2	0,02 (*)
1011030	An t-ae	0,05	0,7
1011040	An duán	0,05	0,7
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,05	0,7
1011990	Eile (2)	0,01 (*)	0,02 (*)
1012000	(b) **bó-ainmhí**		
1012010	Matán	0,01 (*)	0,05
1012020	Saill	0,2	0,02 (*)
1012030	An t-ae	0,05	0,7
1012040	An duán	0,05	0,7
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,05	0,7
1012990	Eile (2)	0,01 (*)	0,02 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
1013000	(c) **caoraigh**		
1013010	Matán	0,01 (*)	0,05
1013020	Saill	0,2	0,02 (*)
1013030	An t-ae	0,05	0,7
1013040	An duán	0,05	0,7
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,05	0,7
1013990	Eile (2)	0,01 (*)	0,02 (*)
1014000	d) **gabhar**		
1014010	Matán	0,01 (*)	0,05
1014020	Saill	0,2	0,02 (*)
1014030	An t-ae	0,05	0,7
1014040	An duán	0,05	0,7
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,05 (*)	0,7
1014990	Eile (2)	0,01 (*)	0,02 (*)
1015000	(e) **eachaí**		
1015010	Matán	0,01 (*)	0,05
1015020	Saill	0,2	0,02 (*)
1015030	An t-ae	0,05	0,7
1015040	An duán	0,05	0,7
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,05	0,7
1015990	Eile (2)	0,01 (*)	0,02 (*)
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	0,01 (*)	0,02 (*)
1016010	Matán		
1016020	Saill		
1016030	An t-ae		
1016040	An duán		
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)		
1016990	Eile (2)		
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**		
1017010	Matán	0,01 (*)	0,05
1017020	Saill	0,2	0,02 (*)
1017030	An t-ae	0,05	0,7
1017040	An duán	0,05	0,7
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,05	0,7
1017990	Eile (2)	0,01 (*)	0,02 (*)

(1)	(2)	(3)	(4)
1020000	**Bainne**	0,02	0,01 (*)
1020010	Eallach		
1020020	Caoirigh		
1020030	Gabhar		
1020040	Capall		
1020990	Eile (2)		
1030000	**Uibheacha éan**	0,01 (*)	0,01 (*)
1030010	An chearc		
1030020	Lacha		
1030030	Géanna		
1030040	Gearg		
1030990	Eile (2)		
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	0,05 (*)	0,5
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,01 (*)	0,02 (*)
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,01 (*)	0,02 (*)
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,01 (*)	0,02 (*)
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**		
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**		
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**		

(*) Léiríonn an (*) íosteorainn an chinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Peindémheatailin (F)

(F) Intuaslagtha i saill

Spiriteitreamat agus spiriteitreamat-eanól (an tsuim díobh), arna sloinneadh mar spiriteitreamat (R)

(R) Tá an sainmhíniú ar iarmhar éagsúil i gcás an chomhcheangail códuimhreacha lotnaidicídí seo a leanas: Spiriteitreamat - cód 1000000 seachas 1040000: spiriteitreamat-eanól arna shloinneadh mar spiriteitreamat
Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 20 Aibreán 2023, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0242010 Bachlóga Bruiséile

0244000 (d) cálráibí'

(2) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo i leanas in ionad na hiontrála le haghaidh ‘Éarthaigh: Ola éisc([1])’:
‘Éarthaigh: Ola éisc’;

(b) cuirtear an méid seo i leanas in ionad na hiontrála le haghaidh ‘Éarthaigh: Saill caoireola([1])’:
‘Éarthaigh: Saill caoireola’.